Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
**PREASEISIÚINT Uimh. 52/22**
Lucsamburg, an 29 Márta 2022

Preas agus Eolas

Breithiúnas i gcás C-132/20
Getin Noble Bank

# Cé gur ceapadh breitheamh tráth nach raibh an Ballstát lena mbaineann sé ina chóras daonlathach go fóill, ní leor an méid sin amháin chun amhras a chaitheamh ar neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an bhreithimh sin.

Ní mór do Chúirt Uachtarach na Polainne cinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir leis an éagóir a líomhnaítear a bhaineann le clásal formhéadúcháin i gcomhaontú creidmheasa idir tomhaltóirí agus an banc Polannach Getin Noble Bank.

Sa chomhthéacs sin, fiafraíonn an chúirt sin **ar chomhlíon an triúr breithiúna achomhairc a d'éist leis an gcás roimhe seo na ceanglais neamhspleáchais agus neamhchlaontachta atá leagtha síos i ndlí an Aontais.**

Go deimhin, cuirtear in iúl gur thosaigh duine acu ar a ghairm bheatha mar bhreitheamh faoi réimeas na gcumannach agus nár thug sé an mionn breithiúnach arís tar éis dheireadh an réimis seo. Ceapadh an bheirt eile mar bhreithiúna achomhairc tráth (eadhon idir 2000 agus 2018), de réir Chúirt Bhunreachtúil na Polainne, nach raibh Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna (an KRS), a bhí páirteach ina gceapachán, ag feidhmiú go trédhearcach agus go raibh an bunreacht á sárú lena comhdhéanamh.

Chinn Cúirt Uachtarach na Polainne dá bhrí sin, agus í ag suí mar bhreitheamh aonair, ceist a chur ar an gCúirt Bhreithiúnais faoi cheanglais neamhspleáchais agus neamhchlaontachta na gcúirteanna.

Le breithiúnas an lae inniu, diúltaíonn an Chúirt Bhreithiúnais, ar an gcéad dul síos d'argóint Ombudsman na Polainne, atá mar pháirtí sna himeachtaí, nach raibh an breitheamh de chuid Chúirt Uachtarach na Polainne, a d'aitheasc an Chúirt Bhreithiúnais, i dteideal ceisteanna a tharchur le haghaidh réamhrialú i bhfianaise na lochtanna ina cheapachán féin, rud lena chaithfí amhras ar a neamhspleáchas agus a neamhchlaontacht féin.

Go deimhin, níl aon fhaisnéis ag an gCúirt Bhreithiúnais faoin mbreitheamh seo nó faoi aon fhianaise eile lena bhféadfaí frisnéis a dhéanamh ar an toimhde go gcomhlíonann Cúirt Uachtarach na Polainne, beag beann ar a comhdhéanamh iarbhír, na ceanglais, go háirithe maidir lena neamhspleáchas agus a neamhchlaontacht, chun í a mheas mar "chúirt" de chuid Ballstáit atá in ann ceisteanna a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais le haghaidh réamhrialú. (69, 72 ss.) Mar sin, tá na ceisteanna a chuirtear inghlactha.

Déanann an Chúirt Bhreithiúnais scrúdú ar an dá thaobh de na ceisteanna a chuirtear ansin.

**Maidir leis an mbreitheamh achomhairc a chuir tús lena ghairm bheatha faoi réimeas na gCumannach, measann an Chúirt Bhreithiúnais, agus í ag cur i bhfeidhm na greille anailíse a eascraíonn as a cásdlí le blianta beaga anuas maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna a ráthú i ndlí an Aontais, nach rud é lena gcaithfí amhras ar neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an bhreithimh sin le linn dó a fheidhmeanna breithiúnacha ina dhiaidh sin a fheidhmiú. Cuireann an Chúirt i bhfios sa chomhthéacs seo, go háirithe, gur aontaigh Poblacht na Polainne leis an Aontas agus lena luachanna, lena n-**

**áirítear an smacht reachta, gan aon deacracht a bheith ann ina leith sin de dheasca breithiúna na Polainne a bheith ceaptha tráth nach raibh an Stát sin fós ina réimeas daonlathach.** Ina theannta sin, níor chuir an chúirt a rinne an tarchur aon fhianaise chun cinn chun amhras a ardú ina leith seo.

**Maidir leis an mbeirt bhreitheamh achomhairc eile, tugann an Chúirt Bhreithiúnais dá haire, agus an ghreille anailíse céanna á cur i bhfeidhm aici, nach ndearna Cúirt Bhunreachtúil na Polainne rialú maidir le neamhspleáchas KRS nuair a dhearbhaigh sí, in 2017, gur sháraigh comhdhéanamh KRS, mar a bhí sé tráth a ceapadh an bheirt bhreitheamh lena mbaineann, an Bunreacht. Mar sin, ní leor an neamhbhunreachtúlacht seo inti féin chun amhras a chaitheamh ar neamhspleáchas agus neamhchlaontacht KRS mar a bhí sé comhdhéanta ag an am agus, mar sin, na mbreithiúna ar ghlac sé páirt ina gceapachán.** Ina theannta sin, ní mór an chonclúid chéanna a bhaint as i gcás go bhfuil breitheamh roghnaithe ag KRS mar iarrthóir ar phost breithiúnach tar éis nós imeachta nach raibh trédhearcach, poiblí agus nárbh fhéidir athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh air ag an am, mura bhfuil aon fhianaise ann lena léirítear easpa neamhspleáchais KRS. Níor chuir an chúirt a rinne an tarchur aon fhianaise nithiúil chun cinn a lena bhféadfaí amhras a ardú ina leith seo.

---

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas chúirteanna agus bhinsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid atá os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

---

*Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.*

*Foilsítear téacs iomlán agus achoimre an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá an fhógartha.*

*Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355.*

*Is féidir íomhánna d'fhógairt an bhreithiúnais a fháil ó "Europe by Satellite" ☎ (+32) 2 2964106.*